

Cuntas Leithreasa 2024

Vóta 4

An Phríomh-Oifig Staidrimh

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 4, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus ar speansais na Príomh-Oifige Staidrimh.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear farasbarr €256,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe in imlitir 20 de 2024, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGAS) a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

Dímheas ar shócmhainní caipitil

Déantar dímheas maoine, gléasra agus trealamh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a ghearradh de réir CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Is iad seo a leanas an saolré ionchais agus na rátaí dímheasa/amúchta gaolmhara do mhóraicmí sócmhainní:

<i>Aicme sócmhainne</i>	<i>Saolré ionchais</i>	<i>Ráta dímheasa/amúchta</i>
Trealamh oifige agus TF	5 bliana	20%
Troscán agus feistis	10 mbliana	10%
Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh	2-10 mbliana	10%–50%

Dímheasadh sócmhainní a chosain €7.864 milliún agus ar baineadh feidhm astu le linn Dhaonáireamh 2022 thar thréimhse dhá bhliain ag tosú i mí an Mheithimh 2022.

Ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Stiúrthóir.

Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil le seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Oifig seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta ann chun comhairle a chur orm le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear sannadh dualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann ina bhfuil buiséad bliantúil a ndéanann an ardbhainistíocht athbhreithniú air.
- Déanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- Tá córas bainistithe riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistithe tionscadail ann.

Iniúcháireacht inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Cuirtear an fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaí sa Phríomh-Oifig Staidrimh ar conradh le hiniúcháir seachfhoinsithe. Soláthraíonn an t-iniúcháir ar conradh gníomhaíocht neamhspleách, oibiachtúil dearbhaithe agus comhairliúcháin atá deartha chun cur le hoibríochtaí na heagraíochta agus iad a fheabhsú trí athbhreithnithe agus iniúchtaí neamhspleacha a eagrú ar bheartais, nósanna imeachta, cleachtais agus feidhmíocht, d'fhonn leordhóthanacht agus éifeachtacht rialuithe inmheánacha a mheas.

Oibríonn an t-iniúcháir seachfhoinsithe de réir cairte scríofa, atá faofa agamsa. Is é an t-iniúcháir seachfhoinsithe a fhorbraíonn na pleananna iniúcháireachta, atá faofa agamsa, i gcomhar le foireann Iniúcháireachta Inmheánaí na Príomh-Oifige Staidrimh. Tá siad bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais agus ar na rioscaí eile a bhíonn os comhair na hOifige. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse trí bliana. Déanaim féin agus an Coiste Iniúcháireachta an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar le tuairiscí na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Tá ról tábhachtach, neamhspleách agus oibiachtúil ag Coiste Iniúcháireachta na Príomh-Oifige Staidrimh maidir le dea-chleachtas a chur chun cinn sa Phríomh-Oifig Staidrimh trí chomhairle a sholáthar maidir le próisis straitéiseacha na hOifige ar rialachas, córais bhainistíochta riosca agus rialuithe inmheánacha agus tacaíonn sé le feidhmiú agus le héifeachtacht na feidhme iniúcháireachta inmheánaí. Tagann an Coiste Iniúcháireachta le chéile ar a laghad ceithre huair sa bhliain agus tá an t-údarás aige cruinnithe breise a thionól de réir mar is gá.

Soláthar

Cinntíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas soláthair nuair a bhronntar gach conradh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontas gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Tá sonraí faoi 15 chonradh neamhiomaíocha os cionn €25,000 curtha ar fáil ag an Oifig sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh PFN agus Athchóirithe.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chloígh an Oifig leis na treoirlínte cé is moite de chonradh amháin os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh) ar luach €88,258 san iomlán (gan CBL san áireamh) le Meta/Facebook do na meáin shóisialta. Rinneadh na híocaíochtaí sula ndearna an tOifigeach Soláthair agus an tIniúchadh Inmheánach athbhreithniú ar chásanna gnó. Áiríodh an conradh i dtuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

Tá sé i gceist ag an Oifig an staid seo a leigheas trí ról maoirseachta agus comhlíonta na Rannóige Tacaíochta Soláthair san Oifig a mhéadú.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig, agus leis an gcóras sin saináithnítear agus déantar tuairiscí ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhaíochtaí bainistithe atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, sa mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag an Oifig agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus tá grádáil déanta orthu de réir tábhachta. Sanntar úinéir riosca do gach riosca ar an gclár. Déanann an bord riosca monatóireacht ar an gclár ar bhonn ráithiúil agus faomhann an bord bainistíochta é go bliantúil.

Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus ar na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibhsean atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don bhord rioscaí, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh sainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialála airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

Aisghabháil ar an ró-íocaíocht maidir le liúntais stórála baile

Mar a moladh in 2023, ba é €92,778 an tsuim gan íoc a bhí le haisghabháil ó ró-íocaíocht liúntas stórála baile le baill foirne allamuigh. Ag deireadh 2024, aisíocadh €28,073. Leanfar leis an aisghabháil trí NSSO i rith 2025.

Meastar go n-aisíocfar €60,893 san iomlán trí NSSO faoi mhí Dheireadh Fómhair 2025 de réir na bpleananna aisíocaíochta atá i bhfeidhm faoi láthair.

Tá cúiteamh ó iarfhostaithe á lorg. Áirítear leis sin dul i dteagmháil le baill foirne a bhí ar scor sular cuireadh tús le plan cúitimh.

Nochtadh saorálach do na Coimisinéirí loncaim

Mar a moladh in 2023, d'aithin an Oifig gearríocaíocht chánach i ndáil leis an liúntas oifige baile. Leagadh béim in athbhreithniú inmheánach freisin ar ghearríocaíocht chánach maidir le liúntais áirithe eile d'fhoireann allamuigh. Ina theannta sin, sainaithníodh san athbhreithniú gearríocaíochtaí beaga cánach a bhaineann le híocaíochtaí síntiúis comhlachta hairmiúil.

Mar thoradh air sin, rinne an Oifig nochtadh saorálach gan iarraidh do na Coimisinéirí loncaim i ndáil le híocaíocht faoi bhun €366,129 a chuimsíonn dlíteanas cánach €295,927 móide ús iomlán €70,202 a bhaineann leis an tréimhse ó Eanáir 2019 go Feabhra 2024. Rinneadh íocaíocht €366,129 i mí Aibreáin 2024 i gcoinne an dlíteanais chánach seo móide ús. Ghlac na Coimisinéirí loncaim leis an nochtadh deonach agus chuir na Coimisinéirí loncaim €8,871 i bpionóis i bhfeidhm ar ghearríocaíocht chánach. D'íoc an Oifig na pionóis seo i mí na Samhna 2024.

Jennifer Banim

An tOifigeach Cuntasaíochta
An Phríomh-Oifig Staidrimh

11 Márta 2025

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh Tuaiream faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an An Phríomh-Oifig Staidrimh agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

22 Meán Fómhair 2025

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíríteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainiúim na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithníim le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

Cuntas Leithreasa 2024				
		2024		2023
		Soláthar meastacháin	Olltoradh	Olltoradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Clár staidrimh bliantúil a sholáthar			
	Bunaidh	82,615		
	Forlíontach	700		
			83,315	73,765
			82,984	
				73,765
Caiteachas comhlán		83,315	82,984	73,765
<i>Asbhain</i>				
B	Leithreasaí-i-gCabhair			
	Bunaidh	2,000		
	Forlíontach	300		
			2,300	2,029
			2,225	
				2,029
Glancaiteachas				
	Bunaidh	80,615		
	Forlíontach	400		
			81,015	71,736
			80,759	
				71,736

Barrachas

Tá an barrachas ar an méid a soláthraíodh ar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm dlíte lena ghéilleadh don Státchiste.

	2024	2023
	€	€
Barrachas le géilleadh	255,653	716,212

Jennifer Banim
An tOifigeach Cuntasaíochta
An Phríomh-Oifig Staidrimh

11 Márta 2025

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024

	2024	2023
	€000	€000
Pá	63,403	56,777
Neamhphá	19,581	16,988
Caiteachas comhlán	82,984	73,765
<i>Asbhain</i>		
Leithreasaí-i-gCabhair	2,225	2,029
Glancaiteachas	80,759	71,736
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Réadmhaoin, fearas agus trealamh</i>		
<i>(nóta 2.1)</i>		
Ceannacháin - airgead tirim	(575)	
Dímheas	307	
<i>Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>		
Ceannacháin	(4,582)	
Amúchadh	3,596	
	(1,254)	4,363
Athruithe ar ghkansócmhainní reatha		
Méadú ar réamhíocaíochtaí	(178)	
Méadú ar ioncam fabhraithe	(175)	
Méadú ar chostais fhabhraithe	2,587	
	2,234	(462)
Caiteachas díreach	81,739	75,637
Caiteachas a tabhaíodh in áiteanna eile		
Glancaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	13,692	11,964
Measchíosanna	1,706	1,706
Glanchostas an chláir	97,137	89,307

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 4 a tabhaíodh in áit eile.

		2024	2023
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	1,172	1,077
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	11,104	9,151
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,295	1,572
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	121	164
		13,692	11,964

Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

	Nóta	2024	2023
		€000	€000
Sócmhainní seasta			
Réadmhaoin, fearas agus trealamh	2.1	967	699
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	10,555	9,569
		11,522	10,268
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	(271)	1,428
Réamhíocaíochtaí	2.4	3,167	2,989
Ioncam fabhraithe	2.5	431	256
Iarmhéideanna dochair eile	2.6	1,732	146
Glanmhaoiniú an Stáitchiste	2.9	881	729
		5,940	5,548
<i>Lúide</i>			
Dlíteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.7	3,406	819
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.8	2,342	2,303
		5,748	3,122
Glansócmhainní reatha		192	2,426
Glansócmhainní		11,714	12,694
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe an Stáit	2.10	11,714	12,694

2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh

	Trealamh oifige agus TF €000	Troscán agus feistis €000	lomlán €000
Costas nó luacháil			
Ag 1 Eanáir 2024	4,816	903	5,719
Nithe breise	575	—	575
Diúscairtí	(793)	(455)	(1,248)
Ag 31 Nollaig 2024	4,598	448	5,046
Dímheas carntha			
Ag 1 Eanáir 2024	4,142	878	5,020
Dímheas don bhliain	295	12	307
Dímheas ar dhiúscairtí	(793)	(455)	(1,248)
Ag 31 Nollaig 2024	3,644	435	4,079
Glansócmhainní			
Ag 31 Nollaig 2024	954	13	967
Ag 31 Nollaig 2023	674	25	699

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh €000	Sócmhainní atá á bhforbairt €000	lomlán €000
Costas nó luacháil			
Ag 1 Eanáir 2024	38,565	1,004	39,569
Nithe breise	426	4,582	5,008
Aistrithe	—	(426)	(426)
Diúscairtí	(92)	—	(92)
Ag 31 Nollaig 2024	38,899	5,160	44,059
Amúchadh carntha			
Ag 1 Eanáir 2024	30,000	—	30,000
Amúchadh don bhliain	3,596	—	3,596
Amúchadh diúscairtí	(92)	—	(92)
Ag 31 Nollaig 2024	33,504	—	33,504
Glansócmhainní			
Ag 31 Nollaig 2024	5,395	5,160	10,555
Ag 31 Nollaig 2023	8,565	1,004	9,569

2.3 Banc agus airgead tirim

ag 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
larmhéideanna PMG	(272)	1,427
Mionairgead	1	1
	(271)	1,428

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Seirbhísí agus tacaíocht TF	2,985	2,662
Réamhíocaíochtaí eile	182	327
	3,167	2,989

2.5 Ioncam fabhraithe

ag 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Maoiniú deontais dlite ón AE	431	256
	431	256

2.6 larmhéideanna dochair eile

ag 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Tuarastail inchúitithe	1,411	25
Caiteachas maidir le taisteal infhorchúitithe	54	14
Caiteachas maidir le pas infhorchúitithe taistil	7	5
larmhéideanna chuntais Oifig na nOibreacha Poiblí ar fionraí	12	32
Míreanna dochair eile ar fionraí	248	70
	1,732	146

2.7 Costais fhabhraithe

ag 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Fabhruithe a bhaineann le párolla	2,813	—
Seirbhísí agus tacaíocht TF	279	316
Costais riaracháin	219	436
Caiteachas taistil agus cothabhála	95	67
	3,406	819

2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Méideanna atá dlite don stát		
Cáin ioncaim	747	713
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	603	542
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	110	152
Cáin bhreisluacha	33	148
Ranníocaíochtaí pinsin	208	186
Cáin mhaoine áitiúil	4	5
An muirear sóisialta uilíoch	148	149
	1,853	1,895
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	219	209
Iarmhéideanna creidmheasa eile - míreanna fionraí	270	199
	2,342	2,303

2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

ag 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	256	716
Deontas Státchiste gan tarraingt	(1,137)	(1,445)
Glanmhaoiniú an Státchiste	(881)	(729)
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	(271)	1,428
Sreabhadh comhardaithe: fionraí	1,732	146
	1,461	1,574
Creidiúnaithe		
Dlíte don Stát	(1,853)	(1,895)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(489)	(408)
	(2,342)	(2,303)
	(881)	(729)

2.10 Cuntas maoinithe an Stáit

	Nóta	2024	2023
		€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		12,694	16,794
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	81,015	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(256)	
Glanvóta		80,759	71,736
Caiteachas a tabhaíodh in áiteanna eile	1.1	13,692	11,964
Míreanna neamh-airgid			
Measchíos	1	1,706	1,507
Glanchostas an chláir	1	(97,137)	(89,307)
Iarmhéid ag 31 Nollaig		11,714	12,694

2.11 Ceangaltais

ag 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	33,253	18,497

2.12 Dliteanais aibí

ag 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár scaoileadh ag deireadh na bliana	5	5

2.13 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Oifig páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh agus d'fhéadfadh dliteanais a bheith mar thoradh orthu sin, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níl aon chinnteacht ann maidir le méid iarbhir ná tráthúlacht dliteanas féideartha.

2.14 Tionchar na n-athruithe ar pholasaí cuntasaíochta in 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasaíochta nua rialtais láir (CGAS) i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur i bhfeidhm ar chomhardú maoinithe an Stáit.

	2024
	€000
Fabhrú saoire ^a	(1,047)
Fabhrú párolla ^a	(1,766)
	(2,813)

Nóta ^a CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

Nóta 3 - Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rangaítear an leithdháileadh do Vóta 4 an Phríomh-Oifig Staidrimh mar chaiteachas riaracháin a chuirtear i bhfeidhm i dtreo clár aonair: clár staidrimh bliantúil a sholáthar. Ina theannta sin, tá maoiniú á fháil ag an Oifig ón bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta (NRRP) don scéim phíolótach daonáirimh ar líne chun an clár a chur i gcrích.

		2024		2023 ^a
		Soláthar meastacháin	Olltoradh	Olltoradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais			
	Bunaidh	61,928		
	Forlíontach	980		
			62,908	56,179
ii	Taisteal agus cothú			
	Bunaidh	1,550		
	Forlíontach	(110)		
			1,440	1,193
iii	Oiliúint agus forbairt			
	Bunaidh	492		
	Forlíontach	150		
			642	569
iv	Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach			
	Bunaidh	2,096		
	Forlíontach	500		
			2,596	2,321
v	Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus speansais TF			
	Bunaidh	10,630		
	Forlíontach	(800)		
			9,830	9,885
vi	Costais áitribh		1,325	1,410
vii	Athbhreithnithe beartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde			
	Bunaidh	170		
	Forlíontach	100		
			270	50
viii	Bailiúchán staitisticí			
	Bunaidh	1,324		
	Forlíontach	(120)		
			1,204	1,192
		80,215	80,030	72,799

Nóta ^a Rinneadh athanailís ar na figiúirí comparáideacha chun athruithe 2024 ar fhotheidil a léiriú.

Athruithe suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa nóta seo ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000) sa chaiteachas riaracháin

- iv

Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach
Soláthar measta: €2.096 milliún; olltoradh €2.681 milliún
 Tharla an méadú €585,000 ar chaiteachas ar Sheirbhísí Oibriúcháin, Soláthairtí agus Trealamh Ilghnéitheach i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh go príomha mar gheall ar réiteach cásanna dlí le linn 2024 agus brúnna boilscithe eile.

Clár A Clár staidrimh bliantúil a sholáthar

		2024		2023
		Soláthar meastacháin	Olltoradh	Olltoradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá			
	<i>Bunaidh</i>	61,928		
	<i>Forlíontach</i>	980		
			62,908	56,179
A.2	Riarachán – neamhphá			
	<i>Bunaidh</i>	17,587		
	<i>Forlíontach</i>	(280)		
			17,307	16,620
A.3	NRRP – suirbhé píolótach daonáirimh ar líne		3,100	966
		83,315	82,984	73,765

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasáí-i-gcabhair

		2024		2023
		Soláthar meastacháin	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ón Aontas Eorpach			
	Bunaidh	190		
	Forlíontach	10		
		200	196	247
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise			
	ar luach saothair seirbhíse poiblí			
	Bunaidh	1,740		
	Forlíontach	290		
		2,030	1,885	1,696
3	Ilghnéitheach	70	144	86
		2,300	2,225	2,029

Athruithe suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i leithreasáí i gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

2 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise

Soláthar measta: €1.740 milliún; olltoradh €1.885 milliún

Tharla an méadú €145,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh i ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise mar gheall ar athruithe ar líon na foirne.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Coibhéis lánaimseartha	2024	2023
Líon na foirne ag deireadh na bliana	1,066	946

5.2 Pá

	2024	2023
	€000	€000
Pá	57,707	51,786
Liúntais ard-dualgas, le haghaidh dualgais speisialta nó dualgais bhreise	295	376
Liúntais Eile	120	3
Ragobair	99	156
ÁSPC an Fhostóra	5,182	4,456
Pá iomlán	63,403	56,777

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2024	2023
			€	€
Liúntais ard-dualgas, le haghaidh dualgais speisialta nó dualgais bhreise	98	5	39,057	22,918
Ragobair nó freastal breise	25	4	16,266	22,131
Liúntais eile	257	—	873	191
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	27	9	23,873	29,793

5.4 Bandaí pá fostaithe oifige

Is mar seo a leanas a bhí líon fostaithe na hOifige a raibh a gcuid sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra ná costais phinsin an fhostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus thit siad laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000.

Bandaí pá (€)		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go	2024	2023
20,000	59,999	722	687
60,000	69,999	109	89
70,000	79,999	50	38
80,000	89,999	43	54
90,000	99,999	48	42
100,000	109,999	38	14
110,000	119,999	14	19
120,000	129,999	12	7
130,000	139,999	2	1
140,000	149,999	—	—
150,000	159,999	1	—
160,000	169,999	2	4
170,000	179,999	2	—
180,000	189,999	1	—
190,000	199,999	—	—
200,000	209,999	1	—
210,000	219,999	—	1

5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigh Cuntasaíochta

Is mar seo a leanas a bhí luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais:

	2024	2023
	€000	€000
Padraig Dalton (go dtí an 30 Bealtaine 2024)		
Pá bunúsach	104	215
Scaoilfocaíocht	224	—
Jennifer Banim (ón 31 Bealtaine 2024)	126	—
	454	215

Tugadh scaoilfocaíocht de thuarastal bliana don iar-Ardstiúrthóir, Padraig Dalton. Rinneadh é sin de réir théarmaí scoir a chlúdaíonn ceapacháin Ard-Rúnaí ó 2011 i leith.

Níl luach na sochar scoir a saothraíodh sa bhliain san áireamh thuas. Is baill den scéim pinsin roimh 1995 iad an tArd-Stiúrthóir agus an tArd-Rúnaí. Ní shíneann a dteidlíocht ar shochair scoir níos faide ná na téarmaí caighdeánacha atá ar fáil faoin scéim sin.

5.6 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh seachtar státseirbhíseach ar scor a fhaigheann pinsean státseirbhíse a athfhostú ar bhonn táillí ar chostas iomlán €14,225. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Ní raibh aon oifigigh ag fónamh taobh amuigh den Oifig don bhliain 2024 ar fad nó do chuid di agus arbh í an Oifig a d'foc a gcuid tuarastal leo.

Ní chuimsíonn an cuntas seo caiteachas i leith 58 oifigeach bhuana (agus trí chéimí dhéag) a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig ar feadh bhliain iomlán 2024 nó cuid di i Ranna/Oifigí Rialtais eile agus a raibh a dtuarastail íoctha ag an roinn ábhartha.

5.8 Ró-íocaíochtaí párolla

ag 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2024 €	2023 €
Ró-íocaíochtaí	196	150,219	124,406
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	47	42,673	51,177

Nóta ^a Aistríodh dhá phlean aisghabhála ró-íocaíochta i leith beirt aonair dar luach €563 chuig ranna rialtais eile in 2024.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú ón AE

Faigheann an Oifig maoiniú i dtaca le tionscadail/suirbhéanna a dhéantar thar ceann Eurostat. I rith 2024, fuair an Oifig ioncam €195,880 san iomlán ón AE de bharr dhá chonradh. Bhain an dá chonradh sin le bailiú sonraí chun comparáidí paireachta cumhachta ceannaigh a éascú idir praghsanna príomhchathracha. Aithníodh an maoiniú seo mar leithreasáí i gcabhair in 2024.

Fuair an Oifig maoiniú €285,529 san iomlán don tionscadal AI/ML le linn 2024. Is é cuspóir an tionscadail sin ionad ilfhreastail a bhunú d'Intleacht Shaorga/Foghlaim Meaisín chun eagraíochtaí an Chórais Staidrimh Eorpaigh a threorú agus tacú leo a bheith ag obair i dtreo turgnamh agus ar deireadh thiar réitigh AI/ML a úsáid le haghaidh táirgeadh staidrimh oifigiúil. Taifeadadh an maoiniú sin faoi chuntas fionraí ceadaithe.

Bronnadh maoiniú AE maidir leis an bPlean Náisiúnta Téarnaimh Athléimneachta ar an Oifig freisin ar fiú €3.1 milliún é san iomlán (caiteachas iarbhrí €2.954 milliún) sa bhliain 2024 i dtreo ardán daonáirimh ar líne a sholáthar. Cuireadh an deontas sin le leithdháileadh na hOifige trí mheicníocht vótála na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

6.2 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d’íoc an Roinn i rith na bliana				
	Éilimh a rinne fostaithe		Iomlán 2024	Iomlán 2023
	Díobhálacha pearsanta	Sárú ar bheartais Acmhainní Daonna/ fostaíochta		
Líon na gcásanna	2	—	2	7
	€000	€000	€000	€000
Íocaíochtaí déanta ag an Oifig/nó thar a ceann				
Cúiteamh	188	—	188	7
Costais dlí	94	—	94	20
Costais eile	1	—	1	3
Iomlán 2024	283	—	283	30
Iomlán 2023	26	4	30	

Nóta ^a Bhí na héilimh seo a leanas fós le híoc amhail an 31 Nollaig 2024:
Éilimh díobhála pearsanta: fostaithe 4 — (2023: 4).
Sárú ar bheartais Acmhainní Daonna / fostaíochta: 0 — (2023: 0)